CAIBIDIL 4 STRAITÉISÍ DO CHRUTHÚ FOSTAÍOCHTA AGUS FORBAIRT FIONTAR

4.1 ANAILÍS AR THÁSCAIRÍ GNÍOMHAÍOCHTA EACNAMAÍOCHTA

1. Athruithe móra san fhostaíocht

Tháinig athruthe móra ar gheilleagar Dhún na nGall idir Dhaonáirimh 1996 agus 2002, agus tá treo na n-athruithe sin ag leanstan ar aghaidh. Bhí 57,319 duine san fhórsa oibre sa bhliain 2002, i gcomparáid le 51,166 i 1996. Léiríonn comparáid de réir rannóga fostaíochta i 2002 athrach mór i ngné na fostaíochta. Bhí laghdú de 29% ar an líon daoine ag obair i dtionscail na talmhaíochta, na foraoiseachta agus na hiascaireachta. Níl ach 8% den fhostaíocht iomlán sa rannóg seo anois i gcomparáid le 13% i 1996. Tháinig titim de 27% ar líon na ndaoine ag obair i dtionscail déantúsaíochta sa tréimhse chéanna, agus níl ach 15% den fhostaíocht sa rannóg seo i gcomparáid le 23% i 1996. Léiríonn na treochtaí seo go bhfuil gá le pleananna agus straitéisí chun modhanna úra fostaíochta a mhealladh isteach in áit na bpostanna sna rannóga traidisiúnta déantúsaíochta, éadaí agus fíodóireachta chomh maith le talmhaíocht agus iascaireacht.

Caithfear deiseanna a thapú i Seirbhísí Idirnáisiúnta i réimse rannógaí chomh maith le déantúsaíocht ard-luacháil, má tá an Chontae le buntáiste a bhaint as an ráta fáis eacnamaíoch náisiúnta. Caithfidh sé seo a bheith mar phríomhaidhm don Straitéis Forbairt Fiontar.

2. Ráta Ard Dífhostaíochta

Bhí an ráta dífhostaíochta 15.6% i 2002 i gcomparáid le ráta náisiúnta de 8.8%. Bhí 9,079 duine ar an Bheochlár Dífhostaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2004, sin 8.2% den daonra iomlán aois 15 bliain agus os a chionn, i gcomparáid le 5.03 % sa Stát ina iomláine. Tá géarghá le hAidhm Forbartha a dhíríonn ar laghdú sa ráta dífhostaíochta síos go dtí an meán náisiúnta.

3. Leibhéil Oideachais agus Scileanna san Fhórsa Oibre

Taispeánann an tábla thíos an leibhéal is airde oideachais ag daoine d'aois 15 bliain nó os a chionn. Is céatadán den líon iomlán gach figiúr.

	Oideachas Bunscoile	Oideachas Dara Leibhéal	Oideachas Tríú Leibhéal	Ní fios	In oideachas lánaimseartha go fóill
Dún na nGall	28	40	15	4	14
An Stát	18	41	21	4	15

Taispeánann na figiúirí an gá atá le pilleadh ar an oideachas agus ar chláracha atraenála mar chuid de straitéis chun foghlaim fadsaoil a spreagadh. Is aidhm eile thábhachtach forbraíochta í seo. Tá an ráta rannpháirtíochta in oideachas tríú leibhéal ag fás le roinnt blianta. Is dúshlán don Straitéis Forbairt Fiontair é postanna a mhealladh isteach sa Chontae do chéimithe, nó tacaíocht a thabhairt dóibh i mbunú gnó nó cibé gníomhaíocht fhiontraíoch a roghnaíonn siad mar cheann de chuspóirí an Phlean.

4. Spleáchas ar Airgead Stáit

Bhí 53.1% den daonra ag brath ar íocaíochtaí ón Roinn Leasa Shóisialaigh i 2002, i gcomparáid le 24.7% san Stát ina iomláine. Tá 72,896 duine (51,673 duine fásta agus 21,223 páiste) as daonra iomlán an Chondae (137,393) ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, gurb fhiú thart fá €339,390,000 sa bhliain iad. Beidh sé mar aidhm ag an Straitéis Forbairt Fiontair an spleáchas seo ar thacaíocht Stáit a laghdú.

5. Cur Leis an Táirgeadh Náisiúnta Tionsclaíoch

Léiríonn an Tuairisc fá Tháirgeadh Tionsclaíoch 2002, nach raibh ach luach €363,181 m. (0.6% den iomlán) den táirgeadh glan tionsclaíoch de €60.2 bn sa tír iomlán, ag teacht as Dún na nGall, i gcomparáid le 1.2% sa bhliain 1996. Léiríonn luach 2002 creimeadh tromchúiseach i stáid iomaíoch an Chontae sa Stát féin, rud a dhíríonn aird ar ár bhfaillí dlús criticeach comhlachtaí teicneolaíochta ardluacháil a mhealladh isteach. Beidh sé mar aidhm ag an Straitéis Forbairt Fiontair an céatadán den Táirgeadh Náisiúnta a mhéadú, tré phostanna breisluacha breistáirgthe a chruthú.

4.2 COMHTHÉACS NÁISIÚNTA CHUN FORBAIRT FIONTAR

Beidh an Straitéis Fiontair chun Fás agus Fostaíocht, molta don Rialtas ag an Ghrúpa Straitéise Fiontar (Grúpa Uí Dhrisceoil) i mí Mheithimh 2004, mar chomhthéacs náisiúnta chun Dún na nGall a fhorbairt mar shuíomh tharraingteach do infhéistíocht ar mhaithe le postanna a chruthú. Chuir an grúpa múnla le chéile leis na coinníollacha riachtanacha chun forbairt fiontar a aithint, agus príomhfhoinsí buntáiste iomaíoch. Is iad na ceithre coinníollacha riachtanacha chun forbairt fiontar sa mhúnla seo ná:

- Iomaíocht costais
- Infreastruchtúr
- Nuálaíocht agus Fiontraíocht
- Cumas Bainistíochta

Ansin, ainmníonn an grúpa cúig cinn d'fhoinsí buntáiste iomaíoch:

- Scileanna oibre d'ardchaighdeán (de thoradh córais oideachais agus oiliúna na tíre)
- Córas cánach fabhrach (ráta amháin de 12.5% cáin chorporáideach ar iomlán ioncam trádála mar chuid de)
- Freagra gasta agus éifeachtach ón Rialtas ar riachtanais fiontar
- Saintaithí i Margaíocht agus Díolacháin Idirnáisiúnta
- Saintaithi i dteicneolaíocht a áisíonn taighde agus forbairt theicneolaíoch de réir suim an mhargaidh, chun méadú a dhéanamh ar infheistíocht fiontar agus bunchloch a chur le táirgi agus seirbhísí úra.

4.3 CRUTHÚ COINNÍOLLACHA CHUN FORBAIRT FIONTAR A CHUR CHUN CINN I nDÚN na nGALL

1. Iomaiocht Costaisí

Mar chomhlánú ar na Straitéisí Náisiúnta chun méadú ar iomaíocht, éifeacht chostais de bharr rialacha/smachtanna a mhaolú agus táirgiúlachta láthair oibre a chúiteamh, díreoidh an Chomhairle ar na cúiseanna a bhfuil éifeacht acu ar an chostas le gnó a dhéanamh sa Chontae. Deánfaidh an Chomhairle gach iarracht a fheiceáil chuige go mbeidh ráta ardaithe sna rátaí tráchtála, táillí uisce, táillí bainistíochta bruscair, taillí forbartha agus araile, ar chomhchéim nó níos ísle ná in áiteanna eile sa tír. Leanfaidh an Chomhairle leis an Chiste Forbartha Eacnamaíoch

imrothlach a riar, ar mhaithe le hinfheistíocht do chruthú postanna a aimsiú, áit a bhfuil suíomh oiriúnach le seirbhísí nó spás fiontair de dhíth chun postanna inmharthana a mhealladh isteach. Coinneoidh an Chomhairle an Straitéis Tithíochta faoi athbhreithniú le cinntiú go bhfuil soláthar cóir tithíochta ar fáil atá in acmhainn ag daoine á gceannacht.

2. Infreastruchtúr

Mar thoradh ar a laghad infheistíochta atá déanta le fada, tá an t-infreastruchtúr lag ina bhac ag forbairt eacnamaíoch sa Chontae. Lorgeoidh an Chomhairle méaduithe suntasacha in airgeadú fá choinne infreastruchtúir, chun go bhféadfaí pacáiste iomlán infreastruchtúir a chur ar fáil a shásóidh riachtanaisí fiontar agus fostaíochta.

Tá comhoibriú Thuaidh-Theas molta do sholáthar infreastruchtúr do Gheatbhealach Leitir Ceanainn-Doire, agus ceangail eile thábhachtacha, ina measc:

Teileachumarsáid

Beidh an gréasán teileachumarsáide snáthoptaice leathnaithe go dtí an teorainn ag Bun an Droichid chun Líonraí Rochtana Bardasacha Dhún na nGall (*MAN's*) a cheangal le Tuaisceart Éireann. Spreagfar gníomhaireachtaí teileachumarsáide chun seirbhísí trasteorann, iomaíocht agus roghanna a chur ar fáil.

Bóithre

Tá breis infheistiochta práinneach de dhíth go géar i mbealaí insroichteachta isteach agus amach as an Chontae, mar tá drochcheangal bóthair go Baile Átha Cliath agus láithreacha eile i dTuaisceart Éireann.

Seirbhísí Aeir

Ba cheart méadú agus feabhsú a dhéanamh ar líon, minicíocht agus sceidil eitiltí ag Aerfort Dhún na nGall (Carraig Fhinne) agus Aerfort Chathair Dhoire, go háirithe idir na haerfoirt réigiúnacha ag Béal Feirsde, Doire, Baile Átha Cliath, Corcaigh, agus an tSionainn. Ba cheart éascú a dhéanamh d'aerstráice ar Oileán Thoraí.

Fuinneamh

Tá amhras faoi fhónamh sholáthar leictreachais sa Chontae, agus tá ceist thábhachtach faoin líne soláthair 110 KV BSL isteach agus ar fud an Chontae. Tá farasbarr cumas cumhachta ag Tuaisceart Éireann. Sa chomhthéacs seo, tá féidearthacht margadh agus gréasán cumhachta Uile-Éireann a fhorbairt , agus bheadh sé seo ina bhuntáiste do gheilleagar áitiúil Dhún na nGall.

Calafoirt

Tá Calafoirt riachtanach fá choinne trádáil sheachtrach. Tá gá le hinsroichteacht fheabhsaithe chuig calafoirt in Éirinn agus sa Tuaisceart le héifeacht loighisticiúil a fheabhsú.

3. Nuálaíocht agus Fiontraíocht

De bharr na hoscailteachta atá ag baint le geilleagar na hÉireann, tá gníomhú eacnamaíoch leochaileach do thionchair eacnamaíocha baile agus domhanda. Éireoidh go geal le gnónna a ghlacann le hathruithe agus nuálaíocht, a théann leo agus a úsáideann an t-athrú mar spriocphointe a straitéis gnó. Tá spreagadh de dhíth chun nuálaíocht agus fiontraíocht a chur chun cinn, agus caithfear cultúr fiontraíochta a fhorbairt le tacaíocht airgid do bhunú gnó. Is príomhchuid sa tóir seo oideachas agus oiliúint, agus tá athruithe riachtanach sa churaclam ag gach

leibhéal sa chóras, ón bhunscoil suas go dtí na leibhéil is airde léinn. Lena chois, d'fhéadfaí na hathruithe seo a áisiú le scéimeanna faoisimh cánacha, agus airgeadú síoltach poiblí/príobháideach. Léargas eile ar athruithe buntáistiúla ná nuálaíocht sa láthair oibre, a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as taithí dhearfach chomhpháirtiochta shóisialta, le clár agus múnla dírithe forbraíochta san áit oibre. D'fhéadfadh eagraíocht gnó úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise, ilchumas agus cruthaitheacht an acmhainn dhaonna, socruithe oibre solúbtha, macasamhail teilea-obair agus obair pháirtaimseartha, agus úsáid inneallra solúbtha ilfheidhmeach.

4. Cumas Bainistíochta

Tá scileanna bainistíochta fíorthábhachtach chun go n-éireoidh le fiontar; mar sin, caithfear a aithint go bhfuil tábhacht agus freagracht le tógáil ar chumas bainistiochta. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach tré chruthú gréasáin gnó, ag aithint riachtanaisí d'fhorbairt scileanna bainistíochta a gcuid baill. Thiocfadh leis na gréasáin ansin feidhmiú mar spriocphointe ag soláthar cláracha oiliúna dírithe. Fosta, d'fhéadfadh áisíneachtaí forbairt fiontar breis béime a chur ar chumas boird agus bainistiochta na ngnónna a bhfuil siad ag tabhairt tacaíochta dóibh.

SPRIOC

Tacú le modhanna úra inbhuaine agus inmharthana chun fostaíocht a chruthú, ag spreagadh forbairt ar phostanna atá nuálaíoch agus fiontraíoch agus a bheas in inmhe don aeráid athraíoch eacnamaioch domhanda.

AIDHMEANNA

1. Tacú le cruthú timpeallacht ginte fostaíochta, a bheas ábalta infheistíocht a tharraingt isteach, ar a n-áirítear teicneolaíochtaí ag teacht chun tosaigh i réimsí na teicneolaíochta faisnéise san eolaíocht bheatha, leighis agus cógaisíochta, maraon leis na tionscail traidisiúnta déantúsaíochta, ag a mbeidh tacaíocht láidir taighde agus forbartha mar dhúshraith acu.

2. Tacú le, agus buntáiste a bhaint as, aitheantas Leitir Ceanainn mar Bhealach Isteach ceangailte leis an tuaisceart, agus, ar dhóigh inmharthana agus ordaithe, dul chun cinn an gheatabhealaigh eacnamaíoch ó Leitir Ceanainn go Doire a chinntiú, chun an bhuntáiste is mó eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach don Chontae.

3. Tacú le héagsúlacht i gcruthú postanna, agus bunú mionghnónna a chur chun cinn ar fud an Chontae, dáilithe go cothrom, spásúil, cé acu mar infheistíocht poiblí/príobháideach nó mar fhorbairtí ag an phobal féin.

4. Tacú le héagsúlacht tuaithe a bhaineann an úsáid is fearr as acmhainn na tuaithe agus a chuidíonn le cinntiú go mairfidh na ceantair tuaithe go bríomhar fuinniúil.

5. Infreastrúchtúr iomlán eacnamaíoch a chur ar fáil, ag clúdach stráicí infreastrúchtúir, chun ionaid agus rannógaí tábhachtacha eacnamaíochta atá ann faoi láthair a chaomhnú agus a láidriú.
6. An bhreisluach is mó a lorg as soláthar infreastrúchtúr eacnamaíoch costasach.

7. Cothromaíocht a lorg i gcur chuige d'forbairt i gcruthú fostaíochta, áit a bhfuil coimhlint le gnéithe comhshaoil.

8. Tacú le feidhmiú, cothabháil agus leathnú Aerfort Dhún na nGall (Carraig Fhinn).

9. Aerstráice a chur ar fáil ar Oileán Thoraí.

4.4 POLASAITHE AGUS MOLTAÍ

Chun na spriocanna agus aidhmeanna seo uilig a bhaint amach, tá réimse polasaithe agus moltaí réitithe le tabhairt faoi na laigeachtai bunúsacha agus fadhbanna a bhaineann leis an gheilleagar áitiúil, mar atá léirithe thuas, ar mhodh úsáide spásúil talún.

POLASAÍ EED 1: CRUTHÚ FOSTAÍOCHTA

Is é polasai an Chomhairle deiseanna úra i gcruthú postanna agus forbairt fiontar a lorg, ag úsáid réimse leathan d'idirghabhálacha mar a leanas:

1. Dualgas bhainistíocht pleanála an Chomhairle mar Údarás Pleanála a shruthlíniú ó thaobh tosaíocht a thabhairt do mholtai pleanála ag baint le deiseanna cruthú postanna. Scrúdú le bheith deánta ar shocruithe spesialta le moltaí mar seo a láimhseáil, ag toiseacht le béim curtha ar phlé roimh ré faoi phleanáil agus idirbheartaíocht, le soiléiriú a fháil ar fhadhbanna agus ar cheisteanna a d'fhéadfadh nochtadh. Fosta, le bealaí a leagan síos idir na háisíneachtaí infheistíochta éagsúla agus iarrthóirí ar mhaithe le deiseanna cruthú postanna a áisiú agus a chothú, ag tairiscint tacaíochta sáiniúil agus teicniúil mar is féidir

2. Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt chun éagsúlacht a chothú sa gheilleagar áitiúil, áisitheoireacht do ghnónna Seirbhísi Idirnáisiúnta, Deántúsaíocht Ard-bhreisluacháil, agus gnónna áitiúla. Ar an bhonn seo, tá gá le hiomlán buntáiste a bhaint as rannógaí seirbhíse macasamhail cúram sláinte, oideachas, seirbhísí cruthaitheacha agus mara, agus méadú a dhéanamh ar na seirbhísí leictreonacha. Fosta, tairbhe a bhaint as múnlaí úra ag teacht chun tosaigh, mar bhainistiú slabhra soláthair, taiscéaladh ar mhaoin intleachta, agus forbairt ar láidreacht earnálacha mar bhithchógaisíocht, teicneolaiocht leighis, innealtóireacht agus táirgí tomhaltais, agus tógáil ar earnálacha atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha cosuil le bia agus turasóireacht.

3. Spreagadh a thabhairt do réimse leathan deiseanna úra do chruthú postanna i mionghnónna áitiúla i sainrannógaí nideoige, chun bonn inmharthana a bhaint amach do chruthú fostaíochta iomaíoch éabhlóideach.

4. Tacaíocht leanúnach do chur i bhfeidhm na n-aidhmeanna, polasaithe agus moltaí i Straitéis Mhiondíola Contae Dhún na nGall 2006-2012, chun fostaíocht a chothú san earnáil thábhachtach seirbhíse seo. Beidh athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh go rialta ar Straitéis Mhiondíola Contae Dhún na nGall 2006-2012 le linn thréimhse an Phlean Forbartha.

5. Tacaiocht do chruthú fostaíochta ag ionaid taobh istigh agus ar fud, nó in aice leis an Ghaeltacht, ag baint tairbhe as deiseanna fostaíochta a thagann ó fhorbairt na dtréithe sainiúla cultúrtha, traidisiúnta agus teanga sa cheantar sin.
6. Leanfaidh an Chomhairle le forbairt Réigiúnach san Iarthuaisceart, tré cheangail a chothú leis na hÚdaráis Áitiúla ábhartha trasteorann agus tré pháirtíocht in ICBAN

agus NWRCBG agus eagraisí eile atá ag feidhmiú trasteorann le linn thréimhse an Phlean Forbartha.

POLASAÍ EED2 : CUR CHUN CINN STRÁICÍ FORBARTHA

Is é polasaí an Chomhairle tacú leis na spriocanna do cheithre cinn de Stráicí Forbartha sa Chontae agus chuige seo, bunóidh an Chomhairle fóram ina mbeidh iondaithe ón Chomhairle Chontae agus páirtithe leasmhara trasteorann ar mhaithe leis na spriocanna a bhrú chun tosaigh. Beidh comhdhéanamh an fhóraim comhaontaithe ag na Baill Tofa.

1. An t-aitheantas mar gheatabhealach ceangail ag Leitir Ceanainn/Doire

2. An Stráice Forbairt Eacnamaíoch ó dheas, ag síneadh as Sligeach fríd Bhun Dobhráin, Bhéal Átha Seanaidh, Bhaile Dhún na nGall go Bealach Féich/Srath an Urláir agus Leifear agus ar aghaidh go Leitir Ceanainn.

3. Stua an N56 ag rith fríd cheantair imeallacha iardheiscirt, iarthair agus iarthuaiscirt an Chontae, na háitribh ar an bhealach stráitéiseach seo san áireamh.

Scrúdaíonn **An Straitéis Spásúil,** cur chun cinn Geatabhealach Leitir Ceanainn/Doire agus cuirtear i láthair straitéis shonrach don cheangal tábhachtach seo. I ndáil le polasaí, mar sin féin, tá na gnéithe seo a leanas tábhachtach:

Cuirfidh an Chomhairle aitheantas naisc Leitir Ceanainn/Cathair Dhoire i bhfeidhm ar dhóigh chothrom spásúil, ar bhun theoranta nódach, chun buntáistí comhordaíocha agus comhlánacha a bhaint amach do gach áitreabh agus ceantar máguaird. Cuirfidh an Chomhairle Fóram ar bun, le hionadaiocht ón Chomhairle Condae agus ó pháirtithe leasmhara trasteorann, chun aidhmeanna an Gheatabhealaigh ceangail a bhaint amach.

Bainfidh an stráice ó dheas tairbhe as na deiseanna ó cheangail cáblaí snáthoptaice, ceangail bóithre suntasacha, agus cuarbhóthair agus féidearthachtaí feabhsaithe eile infreastrúchtúir mar mhéadú ar chumas fuinnimh isteach sa Chontae. Fosta, tá seans go mbeidh féidearthachtai ó phíblíne gáis nádúrtha ón larthair isteach go dtí an ceantar seo agus b'fhéidir ag ceangal le píblínte gáis trasteorann. Mar a luaitear sa Chaibidil ar **Iompar agus Cumarsáid (Caibidil 3)**, tá an Chomhairle ag leanstan le straitéis chun ceangail traenach a choinneáil agus a fhorbairt. Tá an nasc traenach *Western Corridor* ó Inis, Luimneach, Gaillimh go Sligeach agus isteach sa Chontae mar chuid den Straitéis. Mar sin, deánfar caomhnú ar an seanghréasán ráillí sa Chontae, chun go mbeidh sé éasca sin a thabhairt isteach i ngréasán iompair sa todhchaí.

Tá an tríú stráice forbartha molta, mar stua lonnaithe thart fá'n N56. Sna Treoracha Pleanála Réigiúnacha, aithnítear na bailte agus áitribh ar an stua seo mar phríomhbhailte i gcomhthéacs áitiúil, le riachtanas iad a láidriú mar bhailte. Tá ról tábhachtach áitiúil ag na bailte seo, ag tiomáint forbairt ina gceantar féin agus ar fud an cheantar sáiniúil Gaeltachta seo.

POLASAÍ EED 3 : IONAID SAINSPÉISE PHRÍOMHA

Leanfaidh an Chomhairle ag déanamh comhoibriú leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontar ábhartha ar mhaithe le roinnt Ionaid Sainspéise Phríomha a fhorbairt ar fud an Chontae. Tá na hionaid seo lonnaithe i roinnt bailte agus áitribh. Athróidh na hIonaid Sainspéise Phríomha seo thar am, agus chítear iad seo a leanas mar na príomhrannóga thar thréimhse an Phlean.

1. An rannóg seirbhísí : go háirithe an earnáil turasóireachta sa Chontae

2. Próiseáil Breisluacháil Bia, go háirithe in earnáil na hiascaireachta.

3. Féidearthachtaí postanna i dteicneolaiocht na fáisnéise, teileachumarsáide, agus bith- agus cógais- theicneolaíocht

Brúfar Polasaí na nIonad Sainspéise Príomha ar aghaidh tré:

(a) Rannpháirtíocht níos gníomhaí agus níos dírithe i dtionscal na turasóireachta a chur chun cinn.

(b) Roinnt teoranta de phríomhionaid a fhorbairt, i gcomhar leis na heagraisí cuí, a mbeidh ar a gcumas iomaíocht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta fá choinne infheistíocht a mhealladh isteach maraon le tionsclaíocht dhúsasach bhreisluacha. Is dócha go mbeidh na hionaid seo suite in aice leis an líne snáthoptaice sa Chontae agus is dócha gurb iad seo leanas na láithreáin a bheas roghnaithe:
- Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
- Buanú agus méadú ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair
- Páirc Ghnó agus Tionscail na gCealla Beaga
- Páirc Ghnó agus Tionscail Bhun Cranncha
- Páirc Ghnó agus Tionscail Bhealach Féich/Srath an Urlair.
- Páirc Ghnó agus Tionscail Bhéal Átha Seanaidh
- Páirc Ghnó agus Tionscail h an An Clocháin Léith

(c) Ionaid Sainscileanna bunaithe ar láthair oideachais tríú leibhéal ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, An Choláiste Turasóireachta, Na Cealla Beaga, an institiúid úr tríú leibhéal a bheas lonnaithe i nGaoth Dobhair, agus an Choláiste Iascaireachta Náisiúnta sa Chaisleán Nua.

POLASAÍ EED4: TALAMH AGUS SPÁS OIBRE

Beidh gréasán de láithreáin tionsclaíocha, i ngach toghcheantar, mar dhara sraith tacaíochta do na Stráicí Straitéiseacha agus Ionaid Sainspéise Phríomha. Tá siad seo bunaithe ar thalamh atá i seilbh na ngníomhaireachtaí ábhartha cheana féin, agus áit ar bith a bhfuil bearna sa ghréasán, bhéarfaidh an Chomhairle tacaíocht d'iarrachtaí an phobail talamh a chur ar fáil.

Tá na láithreáin/áitribh seo a leanas sa ghréasán:

An Fál Carrach agus An Clochán Beag (Talamh Údarás na Gaeltachta), Bun an Phobail, Carn Domhnach, An Caisleán Nua, Caisleán na Finne, Baile na nGallóglach, Na Gleanntaí (Comhairle/An Pobal); fosta, tá Cill Charthaigh, Na Dúnaibh, Baile na Finne agus Ailt an Chorráin á dtabhairt isteach mar gheall ar a staid spesialta mar ionaid d'fhorbairt tionsclaíoch sa Ghaeltacht, agus déanfar forbairt ar ionad den chineál céanna sa cheantar Gaeltachta idir Ard an Rátha agus Na Cealla Beaga, ag Mín an Bhealaigh. Tá roinnt mhaith láithreacha sonraithe ag Údarás na Gaeltachta mar láithreacha forbartha, agus cúlsoláthar talún forbraíochta a chothú sa Chontae faoi láthair agus sa todhchaí. Tá athrú béime ann siocair go bhfuil Údarás na Gaeltachta anois ag díriú ar an phobal, ar fhorbairt fiontar, ar theanga, cultúr, oidhreacht, agus turasóireacht in áit monarchana tionsclaíocha. Tá foirgnimh, nó suímh, ag an Údarás sna háiteanna seo leanas: Gleann Cholm Cille, An Charraig, Teileann, Cill Charthaigh, Ard an Rátha, Baile na Finne, Gleann Fhinne, An Clochán Liath, Árainn Mhór, An Charraig Fhinne, Anagaire, Croithlí, Dobhar, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Bun a' Leaca,

Machaire Rabhartaigh, Gort a' Choirce, An Fál Carrach, Na Dúnaibh, An Tearmann and Fánaid.
Bhéarfar tacaíocht do ghrúpaí pobail spás oibre a chur ar fáil tré rannpháirtiocht i dtionscnaimh an Chiste Idirnaisiúnta d'Éirinn agus i scéimeanna eile d'fhorbairt áitiúil. Tá spás curtha ar fáil cheana féin ar an dóigh seo i Leifear, Baile Suingean, Caisleán na Finne, Ráth Bhotha, agus ionaid eile.

POLASAÍ EED 5: FORBAIRT TUAITHE AGUS STRAITÉISÍ TACAÍOCHTA
Is é polasaí an Chomhairle tacaíocht a thabhairt do thograí i bhforbairt tuaithe ar dhóigh inmharthana.

Tá maolú mór tagtha ar an gheilleagar tuaithe traidisiúnta a bhí bunaithe ar thalmhaíocht agus iascaireacht. Tá tionchar mór ag díchúplú, cuótaí, agus athruithe agus brúnna eile ón AE, ar an talmhaíocht go háirithe, agus sé an dúshlán anois daoine a choinneáil i bpobal bríomhar tuaithe. Caithfear carachtar tuaithe an Chontae a choinneáil agus a fhorbairt trí thionscnaimh eacnamaíocha. Tá polasaithe de dhíth ar chuid de na ceantair tuaithe is laige, (**mar atá sonraithe i gCaibidil 5 -Tithíocht**) a thabharfas tacaíocht dóibh agus a fheabhsóidh an bonn eacnamaíoch áitiúil, a choinneoidh cruthú fostaíochta sna ceantair seo, agus a ligfidh forbairt ar thionscnaimh agus deiseanna úrnua ar aghaidh. Go ginearálta, bhéarfar tacaíocht do scéimeanna agus pleananna éagsúlachta feirme, ag brath ar mheasúnú mion ar an staid talmhaíochta sáiniúl, pleanáil cheart agus forbairt inmharthana an cheantair agus an lonnú suímh agus dearadh agus insroichteacht.

POLASAÍ EED 6: NASC IDIRÁISÍNEACHTAÍ
Glacfaidh an Chomhairle páirt ghníomhach in obair an Bhord Forbartha Contae agus a ghrúpaí rannógacha, chun ceangal agus comhoibriú níos fearr a chruthú idir ghníomhaireachtaí reachtúla agus eile a bhfuil cúraimí infreastrúchtúir agus forbraíochta acu sa Chontae. Ina theannta sin, fríd an ghréasán d'oifigí dúiche áitiúla, cuirfidh an Chomhairle ar fáil fócas do rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí forbraíochta áitiúla chun fostaíocht a chruthú.

POLASAÍ EED7: TACAÍOCHT d'FHORBAIRT AGUS ATHNUACHAN FIONTAIR
Úsáidfidh an Chomhairle a cuid cumhachtaí agus acmhainní le pacáiste dreasachta a sholáthar ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairt fiontar agus athnuachana :

- **Ainmniú Ceantair Fiontair agus Athnuachana**
  Beidh meascán tacaíochtaí ar fáil d'fhorbróirí úra agus dóibh siúd atá ann cheana: Ina measc beidh
  - Táillí forbartha laghdaithe
  - Seirbhísí Pleanála Gasta
  - Seirbhís Chomhairleach Fiontar agus Athnuachana

Cuirfear scéim píolótach i bhfeidhm i ngach toghcheantar chun sainiú a dhéanamh ar Cheantar Fiontar agus Athnuachana ina bhfuil gá le hathfhorasú m.sh. sráid, cearnóg nó araile.

- **Tacaíocht do Bhunú agus Méadú Gnó**
  Beidh an rannóg mionghnó ar fud an Chondae i gceist anseo, de réir aidhmeanna polasaí na n-eagraisi forbartha áitiúla agus reachtúla.
  - Córas céimeach chun táilli forbartha a íoc
  - Seirbhísí Gasta Pleanála

POLASAÍ EED8: FORBAIRT AR EOCHAIRINFREASTRUCHTÚR CHUN CRUTHÚ FOSTAÍOCHTA A ÁISIÚ

Leanfaidh an Chomhairle ag tabhairt faoi cheist an infreastruchtúir, tré stráicí infreastrúchtúir a shonrú sa Chontae, agus isteach chun an Chontae, agus ag áisiú go háirithe soláthar leathanbhanda, teileachumarsáid, fuinneamh, leictreachas, gás, insroichteacht uisce agus traenach, soláthar uisce agus diúscairt fuíolluisce.

Díríonn an caibidil seo, Straitéisí do Chruthú Fostaíochta agus Forbairt Fiontar, ar ghnéithe infreastrúchtúir a bhaineann le gnó/crúthú fostaíochta, cosúil le leathanbhanda, telecom, leictreachas agus gás, agus díríonn na Caibidilí **Iompar agus Cumarsáid, 3,** agus **Seirbhísí agus Cosaint na Timpeallachta, 6,** ar ghnéithe bóthair, aeir, traenach, soláthar uisce agus bruscar.

Aithnítear go háirithe leictreachas, leathanbhanda, agus teileachumarsáid mar riachtanaisí bunúsacha infreastrúchtúir chun cuidiú le hathfhorasú a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíoch. Féach an Léarscáil faoi iamh. Os rud é go síneann cúlchríoch feidhmeach Dhún na nGall thar theorainn nádúrtha an Chontae, tá an gné trasteorann thar a bheith tábhachtach i dtaca le teileachumarsáid, leathanbhanda, leictreachas agus gás, mar atá leagtha síos sa Straitéis Spásúil Náisiúnta agus sna Treoracha Pleanála Réigiúnacha.

(1) Infreastruchtúr Leictreachais

Taobh istigh den Stát, beidh sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do sholáthar fuinnimh in-athnuaite, agus iarrachtaí BSL nó chomhlachtaí eile an gréasán 110KV leictreachais a uasghrádú. Sa chomhthéacs seo, tá Stráicí Infreastruchtúracha Leictreachais thar a bheith tábhachtach chun bonn polasaí a chur ar fáil le tacú le moltaí pleanála ar bith a bheadh ag BSL le linn thréimhse an Phlean Fhorbartha agus léirítear líne táscach de bhealach athneartaithe BSL i Léarscáil 3, ag deireadh an chaibidil seo. Tá an bonn polasaí fá choinne a leithéid de stráicí fuinnimh leagtha síos sa Straitéis Spásúil Náisiúnta agus sna Treoracha Pleanála Réigiúnacha. Léiríonn an Straitéis Spásúil Náisiúnta an riachtanas faoi leith atá le láidriú a dhéanamh ar na gréasáin fuinnimh i Réigiún na Teorann agus san Iarthuaiscirt; agus meabhraíonn sé an bhuntáiste a thiocfadh as sruthlíniú a dhéanamh ar sholáthar infreastruchtúr, tré chineálacha éagsúla infreastrúchtúir a chur ar fáil i stráice amháin. I ndáil le gréasáin tarchuir agus dáileadh cumhachta, deir an Straitéis Spásúil Náisiúnta go bhfuil feachtas mór oibre ar siúl leis an Ghréasán Náisiúnta a láidriú go caighdeán soláthair idirnáisiúnta, agus mar phríomhghníomhaíochtai den chlár oibre go 2007/8, beidh uasghrádú línte, cur isteach nó uasghrádú stáisiúin chlaochladán, agus línte úra cumhachta, ar siúl. Fosta, deir an Straitéis Spásúil go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh an clár infheistíochta seo ceangailte go hiomlán ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil, go háirithe sa Phlean Forbartha chun tacaíocht a thabhairt do choimisiniú an infreastrúctúir tarchuir. Lena cois sin, díríonn an Straitéis Réigiúnach agus na Treoracha Pleanála Réigiúnacha ar láidriú straitéiseach an ghréasáin fuinnimh, ag freastal ar chnuasaigh riachtanais fuinnimh ag baint le riachtanaisí fostaíochta i gceantair imeallacha, agus fosta an gá le haird a tharraingt ar dheacrachtaí fuinnimh sa réigiún ina iomláine.

(2) Leathanbhanda

Ina theannta sin, bhéarfaidh an Chomhairle tacaíocht do sholáthar straitéiseach Seirbhísí Leathanbhanda isteach agus ar fud an Chontae. Tá sé mar aidhm i bPlean Straitéiseach Chórais Eolais an Chomhairle, 2002-2005, “go mbeadh an Chontae mar cheannródaí i mbaint tairbhe as Córais Eolais agus Teicneolaiochta mar mhodh tiomána d’fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta”. Chítear forbairt agus leathnú an chórais

leathanbhanda mar áis thábhachtach le hinfheistíocht a mhealladh ón rannóg ardteicneolaíocht agus le bogadh ó bheith ag brath ar an tionsclaíocht thraidisiúnta fá choinne postanna. Tá feabhas suntasach riachtanach i n-infreastrúchtúr teileachumarsáide an Chontae ar mhaithe le míbhuntáistí a thagann ó shuíomh an Chontae a shárú. Cruthóidh agus feabhsóidh an leathanbhanda timpeallacht inmharthana fá choinne infheistíocht a mhealladh isteach agus chun forbairt a dhéanamh ar thionscail dhúchasacha san eacnamaíocht eolais.

Tá an Chomhairle ag feidhmiú ar leibhéal Eorpach agus trasteorann le blianta fada, de bharr a fo-eagraíocht ERNACT, ar ghníomhaíochtaí nuálaíocha sa Sochaí Faisnéise chomh maith le straitéisí réigiúnacha don sochaí faisnéise. Tá dornán tionscnaimh á bpleanáil san am i láthair ar mhaithe le soláthar de sheirbhísí leathanbhanda raidió a spreagadh. Déanfaidh an Chomhairle éascú go háirithe ar thógáil gréasán cnámh droma leathanbhanda gan sreang i dtuaisceart agus iarthar an Chontae a bhuí do an Stua Leathanbhanda Atlantach an Iarthuaiscirt nó tograí dá mhacasamhail. Ina theannta sin, tá an Chomhairle ag comhoibriú le gníomhaireachtaí forbraíochta eile sa Chontae chun comhoibriú a chinntiú sa chur chuige.

Críochnaíodh Gréasán Cheantar Baile Leitir Ceanainn le deireanaí. Ba iad An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha i gcomhar leis an Chomhairle a rinne comh-mhaoiniú ar an ghréasán. Ba í an Chomhairle a chur le chéile é agus tá an gréasán a bhainistiú ag eNet. Tugann an gréasán seo breis roghanna agus athléimneacht ar sheirbhísí teileachumarsáide do chustaiméirí i Leitir Ceanainn. I mbliana, beidh gréasáin mar seo á dtógáil i mBealach Féich/Srath an Urláir, Bun Dobhráin, Béal atha Seanaidh, chomh maith le nasc trasteorann idir Leitir Ceanainn agus Doire. Thar na cupla bliain atá amach romhainn, tógfar gréasáin eile ar fud an Chontae, chun go mbeidh clúdach cuimsitheach de sheirbhísí leathanbhanda ar fáil.

Tá sé mar aidhm ag na Grúpscéimeanna Leathanbhanda insroichteacht ar sheirbhís leathanbhanda a chur chun cinn, tré sheirbhísí inmharthana a bhunú i mbailte móra, sráidbhailte, ceantair tuaithe agus focheantair na mbailte móra, a bhfuil tearcfhreastal déanta orthu, ar bhunús tionscnaimh Contae/Comhairle Réigiúnach agus tionscnaimh pobail. Tá an Scéim oscailte do phobail bheaga agus tuaithe, le daonra níos lú ná 1,500. Tá soláthar seirbhísí leathanbhanda do chustaiméiri tráchtála agus príobháideacha araon mar aidhm ard straitéiseach ar chlár forbartha eacnamaíoch na Comhairle.